# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---

DÉARDAOIN, 6 MEITHEAMH

MAIDIN, 9:30 – 12:00

Freagair **Ceist 1, Roinn A agus Roinn B**, agus **trí** cheist eile.

**Ceist 1.** **(65 marc)**

**ROINN A – 30 marc**

Freagair **sé cinn ar bith** acu seo **go hachomair**:




**(a)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn crios-sábh á úsáid.

**(b)** Liostaigh úsáid **amháin** don cheamara snáthoptaice iniúchta a thaispeántar.



**(c)** Luaigh **dhá** airí a bhaineann le copar.

**(d)** Déan cur síos ar bhealach **amháin** inar chuir forbairtí nua-aimseartha sa teicneolaíocht a chuir athrú ar dhéantúsaíocht carranna.


**(e)** Tabhair sampla de **gach** ceann díobh seo a leanas:
**(i)** Alt sealadach; **(ii)** Alt buan.

**(f)** Ainmnigh an mheicníocht a thaispeántar thall **agus** luaigh úsáid **amháin** chuí dó.



**(g)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag folúsfhoirmiú.

**(h)** Ainmnigh an comhbhall leictreonach dá seasann an tsiombail a thaispeántar **agus** mol úsáid oiriúnach **amháin** don chomhbhall seo.



**ROINN B – 35 marc**

Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar na príomhghnéithe oibríochta a bhaineann le **ceann amháin ar bith** acu seo a leanas:



Gunna preabsheamaithe




Deimheas



Cúlstoc.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:
Haiceáil, Réaltacht fhíorúil, Teicneolaíocht Mhóibíleach, *Skype*.

**(k)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma *guais* maidir le sláinte agus sábháilteacht **agus** tabhair sampla **amháin** de chineál guaise.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:
Druilire leacaithe, Poll caoch, Slisirníneach, Réamaire.

**(m)** Ainmnigh an cineál crágáin a thaispeántar **agus** luaigh feidhm oiriúnach atá aige.



**Ceist 2.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh na miotail a dhéantar i n**gach** ceann de na foirnéisí atá ar an liosta thíos:

**(i)** Foirnéis soinneáin

**(ii)** Bunfhoirnéis ocsaigine

**(iii)** Stuafhoirnéis leictreach.

**(b)** Roghnaigh ceann **amháin** de na foirnéisí atá ar an liosta ag **Ceist2(a)** thuas **agus**, le cúnamh léaráid oiriúnach, freagair **gach** ceann díobh seo a leanas:

**(i)** Cuir lipéad ar phríomhpháirteanna na foirnéise;


**(ii)** Liostaigh na hábhair a úsáidtear sa lucht;

**(iii)** Déan cur síos ar conas a théitear an lucht.

**(c)** Iarradh ort iompróir pearsanta a dhéanamh lena úsáid ag turasóirí i gcathair.

**(i)** Ainmnigh ábhar oiriúnach do **gach** ceann de na páirteanna a bhfuil lipéad orthu sa iompróir pearsanta a thaispeántar thíos;

**(ii)** Luaigh cúis **amháin** le **gach** ábhar díobh a roghnú.






**(d)** Déantar cóimhiotal trí dhá mhiotal nó níos mó a mheascadh le chéile.

**(i)** Ainmnigh **dhá** chóimhiotal;

**(ii)** Liostaigh na miotail a úsáidtear chun ceann **amháin** de na cóimhiotail a d’ainmnigh tú in **2(d)(i)** a dhéanamh.

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Mínigh **dhá** cheann de na próisis teaschóireála a chuirtear i bhfeidhm ag **faobhar gearrtha A** le linn an fuarshiséal a thaispeántar a dhéanamh.




**(ii)** Luaigh an t-airí meicniúil is mó a luaitear leis an bh**faobhar gearrtha** ag **A**.

**(iii)** Luaigh an t-airí meicniúil is mó a luaitear le **ceann** an fhuarshiséil a thaispeántar ag **B**.

**(b)** Déan cur síos ar **gach** ceann acu seo a leanas i dtaca le teaschóireáil:

**(i)** Fuarú;

**(ii)** Saotharchruachan.

**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn miotail the á bhfuarú.

**(d)** Mínigh **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Intuargainteacht, **(ii)** Neart teanntachta, **(iii)** Brisce.

**NÓ**


**(d)** **(i)** Luaigh **dhá** phróiseas déantúsaíochta innealtóireachta ina n-úsáidtear róbait.

**(ii)** Luaigh **dhá** bhunbtáiste a bhaineann le húsáid a bhaint as an róbaitic i déantúsaíochta.



**Ceist 4.** **(45 marc)**

**(a)** **(i)** Ainmnigh **gach** ceann de na lasracha a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C**.





**(ii)** Luaigh comhréir na hocsaigine agus na haicéitiléine a theastaíonn le haghaidh **gach** ceann de na lasracha a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C**.

**(b)** Luaigh úsáid oiriúnach **amháin** do **thrí cinn ar bith** acu seo a leanas:









**(i)** Teanntán talmhaithe, **(ii)** Coscaire cúlsplaince, **(iii)** Flosc, **(iv)** Leictreoid.

**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:



**(i)** Ainmnigh modh oiriúnach a úsáidtear chun cruach leatháin a nascadh.

**(ii)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach ciorcad a thástáil sula ndéantar é a shádráil le chéile?


**(iii)** Mínigh an difríocht idir poll **M5** agus poll **Ø5**.

**(iv)** Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach a bheith ag obair in áit atá aeráilte go maith nuair a bhíonn greamacháin á n-úsáid.



**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh sula dtosaítear ar phróiseas táthaithe.

**Ceist 5.** **(45 marc)**




**(a)** **(i)** Ainmnigh na **trí** phróiseas déantúsaíochta plaistigh a thaispeántar ag **A**, **B** agus **C**.

**(ii)** Agus léaráid lipéadaithe á húsáid mar chúnamh agat, déan cur síos ar **cheann amháin ar bith** de na próisis déantúsaíochta atá ainmnithe agat in **5(a)(i)** thuas.

**(b)** Maidir le teicneolaíocht phlaisteach, déan cur síos ar **dhá** cheann **ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Plaisteach teirmithéachtach;

**(ii)** Cuimhne leaisteach;

**(iii)** Teirmeaplaistigh.

**(c)** Roghnaigh **dhá cheann ar bith** de na táirgí a thaispeántar thíos agus ainmnigh ábhar oiriúnach plaisteach is féidir a úsáid chun **gach** ceann de na táirgí atá roghnaithe agat a dhéanamh:



**(i)** Clúdach cúlsolais ar fheithiclí



**(ii)** Hanlaí uirlise



**(iii)** Cuntar oibre cistine.

**(d)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn tumbhratú plaisteach ar siúl.



**Ceist 6.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na páirteanna deile a thaispeántar.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**(b)** Mínigh **trí cinn ar bith** acu seo a leanas i dtaca le meaisíniú:

**(i)** Luas gearrtha, **(ii)** Uillinn scóipe, **(iii)** Lamháltas, **(iv)** Sreabháin ghearrtha.

**(c)** Chun greim a dhéanamh ar bharraí tromáin lúith bíonn sraith patrún orthu ina mbíonn línte trasnánacha, de ghnáth, agus iad ag dul sa treo urchomhaireach.

**(i)** Ainmnigh próiseas deile a úsáidtear chun na patrúin seo a dhéanamh.

**(ii)** Déan cur síos ar an bpróiseas deile seo.

**(iii)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábhailteachta ba chóir a chomhlíonadh le linn an phróisis deile seo.



**NÓ**

**(c)** Is gá líon mór cóipeanna den phíosa fichille a thaispeántar thíos a mheaisíniú.




Luaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le deil faoi ríomhrialú uimhriúil (deil CNC) seachas deil lámhrialaithe a úsáid chun na píosaí fichille a dhéanamh.

**Ceist 7.** **(45 marc)**

**(a)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Bacoiriúint, **(ii)** Glanoiriúint, **(iii)** An teorainn uachtair.

**(b)** Déantar cóimeáil poill agus seafta de réir na dtoisí a thaispeántar.




Luaigh: **(i)** Trastomhas ainmniúil an tseafta:

**(ii)** Uas-trastomhas an tseafta;


**(iii)** Íos-trastomhas an phoill;

**(iv)** Lamháltas an phoill.

**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá ag **gach** uirlis a ainmníonn tú.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**NÓ**

**(c)** Is féidir na comhbhaill leictreonacha thíos a úsáid i ndéantúsaíocht na Mionsamhla de Ródaí Spáis a thaispeántar.



**(i)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na comhbhaill leictreonacha a thaispeántar thíos.

**(ii)** Luaigh an fheidhm atá ag **gach** ceann de na comhbhaill a d'ainmnigh tú in **7(c)(i)**.



**A**



**B**



**C**



**D**

**Day 1, 2 and 3**

2019. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2019

## Engineering - Practical

*(150 marks)*

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

# Please Read Carefully

### Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2019. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2019. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Lock Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 5 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 4, 7, 8 and 9 have been made prior to examination day. Parts 1 and 2 has been part-prepared. Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

**Lá 1, 2 agus 3**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**State Examinations Commission**

**2019. M74AT**

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019

## Innealtóireacht - Praiticiúil

*(150 marc)*

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht Ghlais** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 5 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 4, 7, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 1 agus 2 páirtdéanta. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2019. M74A(L1)


1





2





3




4





5





Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

6





7





Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:

Write your Examination Number in this box:

8





9




Nóta: Ba chóir go rothódh Páirteanna 7 agus 8 go saorálach i bpoll Ø8 mm

Note: Parts 7 and 8 should rotate freely in a Ø8 mm hole




THALL
OVER →

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission




SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL




## SONRAÍ CÓIMEÁLA

## ASSEMBLY DETAILS




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

**Day 1, 2 and 3**



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2019

# Engineering - Practical

*(150 marks)*

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

# Please Read Carefully

## Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2019. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2019. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Lock Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 5 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 4, 7, 8 and 9 have been made prior to examination day. Parts 1 and 2 has been part-prepared. Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission



# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019

## Innealtóireacht - Praiticiúil

*(150 marc)*

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht Ghlais** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 5 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 4, 7, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 1 agus 2 páirtdéanta. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL




1





2





3




4





5





Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

6





7





Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:

Write your Examination Number in this box:

8





9




Nóta: Ba chóir go rothódh Páirteanna 7 agus 8 go saorálach i bpoll Ø8 mm

Note: Parts 7 and 8 should rotate freely in a Ø8 mm hole



THALL


OVER

Lá 2
Day 2

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission


2019. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL




SONRAÍ CÓIMEÁLA

ASSEMBLY DETAILS




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

Day 1, 2 and 3

2019. M74A

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Leaving Certificate Examination, 2019

# Engineering - Practical

*(150 marks)*

**Morning: 10:00 to 1:00 - Afternoon: 2:00 to 5:00**

# Please Read Carefully

## Instructions

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the examination paper - 2019. M74A($L_2$).
If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Write your Examination Number in the box provided on the examination paper - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Put the examination paper - 2019. M74A($L_1$) and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

From the materials supplied, make the **Lock Mechanism** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 3 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 5 | Brass | Mark out, drill and shape. |
| 6 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 4, 7, 8 and 9 have been made prior to examination day. Parts 1 and 2 has been part-prepared. Using the screws supplied assemble the mechanism, as detailed on the assembly drawing.

**(ii) Accuracy, finish and function are important.**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission



# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2019

## Innealtóireacht - Praiticiúil

*(150 marc)*

**Maidin: 10:00 go dtí 1:00 - Tráthnóna: 2:00 go dtí 5:00**

## Léigh na Treoracha seo go cúramach le do thoil

### Treoracha

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a stampáil nó a ghreanadh ar an triailphíosa san ionad a thaispeántar ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl cead ag iarrthóirí a bheith i gcumarsáid le chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di ar an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$).

**(d)** Cuir an scrúdpháipéar - 2019. M74A($L_1$) agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

As na hábhair a sholáthraítear, déan an **Mheicníocht Ghlais** a thaispeántar sna líníochtaí sa chruth agus sna toisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 3 | Polacarbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 5 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh na páirteanna 4, 7, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 1 agus 2 páirtdéanta. Agus tú ag baint úsáide as na scriúnna a sholáthraítear, cóimeáil an mheicníocht faoi mar atá sa líníocht chóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú an triailphíosa.**


# SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
# LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL

2019. M74A(L1)


1





2





3




4





5





Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.

6





7





Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca seo:

Write your Examination Number in this box:

8





9




Nóta: Ba chóir go rothódh Páirteanna 7 agus 8 go saorálach i bpoll Ø8 mm

Note: Parts 7 and 8 should rotate freely in a Ø8 mm hole




THALL
OVER

Lá 3
Day 3

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission


2019. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA - INNEALTÓIREACHT PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE - ENGINEERING PRACTICAL




SONRAÍ CÓIMEÁLA

ASSEMBLY DETAILS




Cuir an scrúdpháipéar seo agus an triailphíosa isteach i gclúdach an iarrthóra
atá curtha ar fáil, agus tabhair an clúdach don Fheitheoir ag deireadh an scrúdaithe.

Put this examination paper and the test-piece into the candidate envelope supplied, and hand up the envelope to the Superintendent at the end of the examination.